2026/298

9.2.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/298 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Feabhra 2026

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3136 agus lena dtugtar cothrom le dáta ceapacháin comhaltaí agus comhaltaí malartacha áirithe de Bhord Bainistíochta an Líonra agus den Aonad Eorpach um Chomhordú Eitlíochta i gcás Géarchéime

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/2803 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair ([1]), agus go háirithe Airteagal 37(5) agus Airteagal 38(15) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3136 ón gCoimisiún ([2]) a thabhairt cothrom le dáta chun feidhmiú éifeachtúil Bhord Bainistíochta an Líonra agus an Aonaid Eorpaigh um Chomhordú Eitlíochta i gcás Géarchéime ('EACCC'), arna mbunú le Rialachán (AE) 2024/2803 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ([3]) ón gCoimisiún, a áirithiú. Tá ceapacháin chomhaltaí agus chomhaltaí malartacha Bhord Bainistíochta an Líonra agus EACCC arna ndéanamh i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3136 nasctha leis an bpost gairmiúil arna shealbhú tráth an cheapacháin agus níl na poist faoinar ceapadh iad ag cuid de na daoine a ceapadh a thuilleadh.

(2) Sainordaítear don Choimisiún, le hAirteagal 18(7) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123, comhaltaí Bhord Bainistíochta an Líonra a bhfuil vóta acu agus a gcomhaltaí malartacha a cheapadh, agus sainordaítear dó, le hAirteagal 19(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123, comhaltaí EACCC agus a gcomhaltaí malartacha a cheapadh.

(3) Sainordaítear don Choimisiún freisin le hAirteagal 18(7) agus Airteagal 19(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ionadaithe áirithe a cheapadh do Bhord Bainistíochta an Líonra agus do EACCC araon i ndiaidh na moltaí mar a shonraítear sna hAirteagail sin.

(4) An 10 Iúil 2025, fuair an Coimisiún moladh ón nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint ('GEC') maidir le hathrú ar an ionadaí ar úsáideoirí míleata aerspáis de bhun Airteagal 18(7) agus Airteagal 19(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123.

(5) An 12 Meán Fómhair 2025, cheap an Coimisiún Koen Milis ina Chathaoirleach ar Bhord Athbhreithnithe Feidhmíochta an Aerspáis Eorpaigh Aonair trí bhíthin Chinneadh (AE) 2025/1815 ón gCoimisiún ([4]). Dá bhrí sin, moltar Koen Milis a cheapadh mar bhreathnóir ar Bhord Bainistíochta an Líonra freisin.

(6) An 31 Deireadh Fómhair 2025, mhol CANSO don Choimisiún, de bhun Airteagal 19(2)(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123, athrú ar ionadaí na heagraíochta sin do EACCC.

([1]) IO L, 2024/2803, 11.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2803/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3136 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2024 maidir le ceapachán chathaoirleach agus chomhaltaí Bhord Bainistíochta an Líonra agus a gcomhaltaí malartacha agus ceapachán chomhaltaí an Aonaid Eorpaigh um Chomhordú Eitlíochta i gcás Géarchéime agus a gcomhaltaí malartacha le haghaidh fheidhmeanna an líonra bainistíochta aerthráchta do 2025 agus 2026 (IO L, 2024/3136, 18.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/3136/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2019 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le feidhmeanna líonra bainistíochta aerthráchta (BAT) a chur chun feidhme agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 ón gCoimisiún (IO L 28, 31.1.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/123/oj).

([4]) Cinneadh (AE) 2025/1815 ón gCoimisiún an 12 Meán Fómhair 2025 maidir le ceapachán chomhaltaí agus Chathaoirleach Bhord Athbhreithnithe Feidhmíochta an Aerspáis Eorpaigh Aonair (IO L, 2025/1815, 15.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1815/oj).

(7) An 7 Samhain 2025, fuair an Coimisiún moladh ó Eurocontrol maidir leis na hionadaithe ó sholáthraithe seirbhísí aerloingseoireachta tíortha comhlachaithe a rannchuidíonn le hobair an Bhainisteora Líonra de bhun Airteagal 18(7) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123. Leis an moladh sin urramaítear prionsabal na huainíochta a éilítear leis an Airteagal sin. An lá céanna, mhol Eurocontrol don Choimisiún, de bhun Airteagal 19(2)(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123, athrú ar ionadaí na heagraíochta sin do Bhord Bainistíochta an Líonra.

(8) Gach duine a bhfuil sé beartaithe é a cheapadh, ó theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo, ba cheart dó teacht in ionad an duine a ceapadh roimhe.

(9) Ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne ionas gur féidir le daoine nuacheaptha páirt a ghlacadh i mBord Bainistíochta an Líonra agus in EACCC ón 1 Eanáir 2026.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Aerspás Aonair arna bunú le hAirteagal 48 de Rialachán (AE) 2024/2803,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na daoine a liostaítear in Iarscríbhinn I, ceapfar iad ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2026 mar chomhaltaí, mar chomhaltaí malartacha agus mar bhreathnóirí de Bhord Bainistíochta an Líonra, sa cháil dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Na daoine a liostaítear in Iarscríbhinn II, ceapfar iad ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2026 mar chomhaltaí agus mar chomhaltaí malartacha den Aonad Eorpach um Chomhordú Eitlíochta i gcás Géarchéime, sa cháil dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Feabhra 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

CEAPACHÁIN CHOMHALTAÍ BHORD BAINISTÍOCHTA AN LÍONRA A BHFUIL VÓTA ACU AGUS COMHALTAÍ NACH BHFUIL VÓTA ACU AGUS A gCOMHALTAÍ MALARTACHA

An tArm	Comhaltaí a bhfuil vóta acu	Comhaltaí malartacha
Soláthraithe míleata seirbhísí aerloingseoireachta	Gan ceapachán nua	Gan ceapachán nua
Úsáideoirí míleata aerspáis	Gan ceapachán nua	An Coirnéal Marc Dubois* Ionadaíocht Mhíleata na Fraince chuig an Aontas Eorpach

Comhalta gan vóta	Comhalta malartach
Gan ceapachán nua	Frederik Rasmussen* Leas-Cheann Aonaid, Aerspás Eorpach Aonair AS MOVE, An Coimisiún Eorpach

Ionadaithe ar sholáthraithe seirbhísí aerloingseoireachta tíortha comhlachaithe		
	Comhaltaí gan vóta	Comhaltaí malartacha
1 Eanáir go 31 Nollaig 2026	Kathryn Leahy* Príomhoifigeach Oibriúcháin NATS	Stephen Fox* Stiúrthóir Rialaithe Oibriúcháin NATS
	Vladimir Risteski* Stiúrthóir Feidhmiúcháin Aerloingseoireachta M-NAV GOJSC	Gordana Tegovska* Ceann ACC/FMP Scóipé M-NAV GOJSC

EUROCONTROL	
Comhalta	Comhalta malartach
Gan ceapachán nua	Predrag VRANJKOVIC* Ceann Straitéise, Rannpháirtíochta agus Caidreamh Institiúideacha Eurocontrol

Breathnóirí		
	Christophe VIVIER Ceann an Aonaid Aerspás Eorpaigh Aonair an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint	
	Athanassios TZIOLAS Ceann na Roinne Aerthrách ta Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh	
	Koen Milis* Cathaoirleach BAF	
	Andreas BOSCHEN Stiúrthóir Feidhmiúcháin Comhghnóthas SESAR 3	

Breathnóirí		
	Mariagrazia LA PISCOPIA Stiúrthóir Feidhmiúcháin Bainisteoir Imlonnaithe SESAR	

Na hionadaithe a bhfuil * leo, tá siad á gceapadh leis an gCinneadh seo agus, ó theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo, ba cheart dóibh teacht in ionad na ndaoine a ceapadh rompu. Ceapadh gach ionadaí eile le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3136, atá i bhfeidhm go fóill.

IARSCRÍBHINN II

CEAPACHÁIN CHOMHALTAÍ BUANA AN AONAID EORPAIGH UM CHOMHORDÚ EITLÍOCHTA I gCÁS GÉARCHÉIME, AGUS A gCOMHALTAÍ MALARTACHA

An Coimisiún Eorpach	
Comhalta	Comhalta malartach
Gan ceapachán nua	Frederik Rasmussen* Leas-Cheann Aonaid, Aerspás Eorpach Aonair AS MOVE, An Coimisiún Eorpach

An tArm	
Comhalta	Comhalta malartach
Gan ceapachán nua	An Coirnéal Marc Dubois* Ionadaíocht Mhíleata na Fraince chuig an Aontas Eorpach

Soláthraithe Seirbhísí Aerloingseoireachta	
Comhalta	Comhalta malartach
Enrico PARINI* CANSO	Gan ceapachán nua

Na hionadaithe a bhfuil * leo, tá siad á gceapadh leis an gCinneadh seo agus, ó theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo, ba cheart dóibh teacht in ionad na ndaoine a ceapadh rompu. Ceapadh gach ionadaí eile le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3136, atá i bhfeidhm go fóill.